C/2026/5532

20.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12540 — AP EJENDOMME / CAPMAN AIFM / COPENHAGEN TOWERS HOTEL / SCANDIC WEBERS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5532)

1. An 5 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AP Ejendomme P/S ('AP Ejendomme', an Danmhairg), faoi rialú Foreningen AP Pension f.m.b.a. (an Danmhairg),

— CapMan AIFM Oy ('CapMan AIFM', an Fhionlainn), faoi rialú CapMan Oyj (an Fhionlainn), máthairchuideachta CapMan Group,

— Copenhagen Towers Hotel ApS ('Copenhagen Towers Hotel', an Danmhairg), faoi rialú Niam VII Denmark Hotel Holding AB (an tSualainn),

— Scandic Webers (an Danmhairg), faoi rialú Jeudan A/S (an Danmhairg).

Gheobhaidh AP Ejendomme agus CapMan AIFM rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Copenhagen Towers Hotel agus Scandic Webers ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta réadmhaoine é AP Ejendomme a fhaigheann, a fhorbraíonn agus a bhainistíonn maoin chónaithe agus tráchtála sa Danmhairg,

— Is bainisteoir cistí infheistíochta malartacha laistigh de Ghrúpa CapMan é CapMan AIFM.

— Is le Copenhagen Towers Hotel maoin óstáin Crowne Plaza Copenhagen Towers atá lonnaithe i gCóbanhávan agus léasaíonn sé le hoibreoir seachtrach í,

— Is maoin óstáin i gCóbanhávan é Scandic Webers.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12540 — AP EJENDOMME / CAPMAN AIFM / COPENHAGEN TOWERS HOTEL / SCANDIC WEBERS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË